Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9736/24**

**COHAFA 32**
**COJUR 49**
**COHOM 106**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9010/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Cosaint i suíomhanna daonnúla<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cosaint i suíomhanna daonnúla, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4021ú cruinniú a bhí aici an 7 Bealtaine 2024.

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE COSAINT I SUÍOMHANNA DAONNÚLA

1. Meabhraítear don Chomhairle gurb é is aidhm do chabhair dhaonnúil an Aontais, mar a leagtar amach sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil í, freagairt éigeandála atá bunaithe ar riachtanais a chur ar fáil lena ndíreofar ar an mbeatha a chaomhnú, ar fhulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus ar dhínit an duine a chaomhnú cibé áit is gá má bhíonn an iomarca brú ar rialtais agus ar ghníomhaithe áitiúla, nó mura bhfuil siad ábalta nó toilteanach gníomhú'.

2. Is cúis imní i gcónaí don Chomhairle easpa cosanta na ndaoine atá buailte agus na srianta atá ar ghníomhaithe na cosanta, lena n-áirítear sáruithe ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus easpa rochtana, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di nach bhfuil cistiú le haghaidh cosaint ag teacht le riachtanais chosanta na bpobal atá thíos le géarchéimeanna daonnúla.

### A. AN CHOMHTHUISCINT

3. Leagann an Chomhairle béim ar an gcaoi gurb é príomhról agus príomhfhreagracht na Stát sábháilteacht agus slándáil daoine aonair a chosaint agus a áirithiú. I gcás coinbhleachtaí armtha, cuirtear an fhreagracht sibhialtaigh a chosaint ar gach páirtí sa choinbhleacht. Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar gach Stát an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú agus urraim a áirithiú i ngach uile chás. Tá freagrachtaí dlíthiúla ar na Stáit as comhlachtaí ábhartha an dlí idirnáisiúnta a chosnaíonn daoine a ndéantar difear dóibh a chaomhnú, mar shampla, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe.

4. Thairis sin, aithníonn an Chomhairle na tionscnaimh de chuid an Aontais a rinneadh chun an pobal a chosaint i suíomhanna daonnúla, lena n-áirítear conclúidí ón gComhairle maidir le Cúnamh Daonnúil agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (2019), maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (2022), maidir leis an nasc idir cabhair dhaonnúil agus forbairt a oibríochtú (2017), chomh maith le treoirlínte ón Aontas maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha agus maidir le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn.

5. Meabhraítear don Chomhairle agus leagann sí béim ar a thábhachtaí agus a luachmhaire atá an ráiteas Prionsabal 2013 ó Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe maidir le Lárnacht na Cosanta in Oibríochtaí Daonnúla[1]. Meabhraítear don Chomhairle freisin Beartas an Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta, 2016, maidir le Cosaint sa Ghníomhaíocht Dhaonnúil agus Athbhreithniú Neamhspleách 2022 ar Bheartas Cosanta an Bhuanchoiste sin. Aithníonn an Chomhairle na sainorduithe cosanta agus an ról ceannaireachta atá ag gníomhaireachtaí sonracha de chuid na Náisiún Aontaithe agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta sonracha chomh maith leis na freagrachtaí atá orthu agus a bhfuil siad cuntasach astu mar thoradh air sin, agus aithníonn sí freisin gurb ann do raon leathan gníomhaithe cosanta – go háirithe na daoine féin a ndéantar difear dóibh – agus a thábhachtaí atá sé comhordú a dhéanamh idir na gníomhaithe sin.

6. Tugann an Chomhairle dá haire sainmhíniú an Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta ar chosaint[2] agus cuireann sí chun suntais an gá atá le soiléireacht níos coincheapúla mar a moladh in Athbhreithniú IASC ar an mBeartas Cosanta in 2022. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an sainmhíniú ón gCoimisiún Eorpach[3], ina bhfuil nasc níos soiléire le géarchéimeanna daonnúla: [is é is aidhm don chosaint] aghaidh a thabhairt ar fhoréigean, ar chomhéigean, ar dhíothacht d'aon ghnó agus ar mhí-úsáid daoine, grúpaí agus pobal i gcomhthéacs géarchéimeanna daonnúla, i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais agus laistigh de chreat an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe.' Is féidir é sin a shaothrú le 3 chuspóir shonracha:

– Bagairtí ar shábháilteacht, slándáil agus dínit daoine, grúpaí agus pobal atá thíos le géarchéimeanna daonnúla leanúnacha, atá ar tí tarlú nó a bheidh ann amach anseo a chosc, a laghdú, a mhaolú agus/nó a stopadh;

---

1 Ní mór do chosaint na ndaoine uile atá buailte agus atá i mbaol bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht dhaonnúil agus faoin bhfreagairt dhaonnúil, lena n-áirítear rannpháirtíocht le Stáit agus le páirtithe nach páirtithe Stáit iad i gcoinbhleacht. Ní mór di a bheith ina dlúthchuid dár n-iarrachtaí ullmhachta, mar chuid de ghníomhaíochtaí láithreacha agus tarrthála, agus le linn thréimhse na freagartha daonnúla agus ina dhiaidh sin. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go gcaithfear na daoine atá i mbaol, an chaoi a bhfuil siad i mbaol agus na cúiseanna leis sin a shainaithint ag tús na géarchéime agus ina dhiaidh sin, agus na leochaileachtaí sonracha atá mar bhonn leis na rioscaí sin á gcur san áireamh.

2 Gach gníomhaíocht atá dírithe ar chearta an duine aonair a urramú go hiomlán i gcomhréir le fuarlitir agus spiorad na gcomhlachtaí ábhartha dlí (i.e. an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe)'.

3 DG ECHO, Doiciméad Beartais Théamaigh Uimh. 8 – *Humanitarian Protection: Improving protection outcomes to reduce risks for people in humanitarian crises* [Cosaint Dhaonnúil: Feabhas a chur ar thorthaí cosanta chun rioscaí do dhaoine i ngéarchéimeanna daonnúla a laghdú], 2016, lch.6.

– Leochaileachtaí cosanta a laghdú agus acmhainneachtaí cosanta daoine, grúpaí agus pobal a ndéanann géarchéimeanna daonnúla leanúnacha, atá ar tí tarlú nó a bheidh amach anseo difear dóibh a mhéadú;

– Acmhainneacht an chórais idirnáisiúnta um chabhair dhaonnúil a neartú chun éifeachtúlacht, cáilíocht agus éifeachtacht a fheabhsú chun rioscaí cosanta a laghdú i ngéarchéimeanna daonnúla atá ag titim amach, atá ar tí titim amach nó a thitfidh amach sna blianta atá romhainn.

7. Aithníonn an Chomhairle gur féidir raon mór gníomhaíochtaí a mheas mar chosaint i suíomhanna daonnúla. Tugann an Chomhairle dá haire na leibhéil éagsúla ghníomhaíochta idirspleácha a threisíonn a chéile i bhfianaise aon phatrúin mí-úsáide, dá dtagraítear i mbeartas cosanta Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) agus a úsáidtear mar bhonn chun gníomhaíochtaí cosanta a aicmiú de réir Bheartas Cosanta an Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta, 2016:

a) gníomhaíocht fhreagrúil: aon ghníomhaíocht a dhéantar chun déileáil le fadhb chosanta atá ag teacht chun cinn nó atá bunaithe (sáruithe den chuid is mó), agus arb é is aidhm di atarlú a chosc, deireadh a chur léi, agus/nó a héifeachtaí láithreacha a mhaolú;

b) beart feabhais: aon ghníomhaíocht a dhéantar chun dínit daoine a athbhunú agus chun dálaí maireachtála leordhóthanacha a áirithiú tar éis dóibh a bheith thíos le mí-úsáid;

c) gníomhaíocht chun an comhshaol a fhorbairt: gach iarracht chun timpeallacht shóisialta, chultúir, institiúideach agus dhlíthiúil a bhunú nó a chothú ina bhféadfaí cearta daoine aonair a urramú.

8. Aithníonn an Chomhairle gur gnách le príomhthacaíocht an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát don chosaint díriú i láthair na huaire ar ghníomhaíochtaí feabhais atá dírithe ar dhínit na ndaoine a athbhunú. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí freagrúla a leathnú agus a threisiú lena ndírítear ar na bagairtí agus na riachtanais chosanta a laghdú i gcomhthéacs daonnúil. Go deimhin, ní hamháin go bhfuil sé ríthábhachtach na rioscaí sin a laghdú chun fulaingt an duine a chosc, ach is bealach é freisin chun riachtanais an chúnaimh a theorannú agus, ar an gcaoi sin, chun cúnamh daonnúil a dhéanamh níos éifeachtaí.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá príomhshruthú cosanta. Tuigeann an Chomhairle gur cheart an cur chuige sin a bheith mar bhonn d'aon ghníomhaíocht a dhéanann na gníomhaithe daonnúla uile, gan beann ar a saineolas earnáilsonrach; is féidir leo, agus ba cheart dóibh, rannchuidiú le cosaint daoine dá ndéantar difear i gcomhréir le Beartas Cosanta an Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta, 2016. Leagann an Chomhairle béim ar an bhfreagracht atá ar na gníomhaithe uile clársceidealú agus faireachán sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus a áirithiú go ndéanfar tionchar cosantach na gníomhaíochta daonnúla a uasmhéadú. Cé gur bonn don chúnamh daonnúil go léir é príomhshruthú cosanta, ba cheart tosaíocht a thabhairt freisin do ghníomhaíochtaí níos spriocdhírithe lena gcuirtear seirbhísí cosanta ar fáil dóibh siúd atá thíos leis an bhforéigean agus leis an mí-úsáid cheana féin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gníomhaíocht maidir le mianaigh, foréigean inscnebhunaithe a chosc agus freagairt air, cosaint leanaí, cosaint do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó cúnamh dlíthiúil.

10. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn tionchar míchothrom ag coinbhleachtaí agus tubaistí nádúrtha ar dhaoine, rud a fhágann i staideanna éagsúla leochaileachta iad, agus go mbíonn tionchar díréireach ag neamhionannas inscne leanúnach ar mhná agus ar chailíní, arb é an foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe an léiriú is mó air sin. Tá daoine aonair níos leochailí, nó is féidir leo éirí níos leochailí, mar gheall ar mheascán de thosca fisiciúla, sóisialta, comhshaoil, cultúir agus polaitiúla agus ní catagóir sheasta í an leochaileacht. Ní bheidh gach duine a bhfuil na saintréithe céanna aige chomh leochaileach céanna agus d'fhéadfadh an leochaileacht atá i gceist a bheith faoi shrian ama. Dá bhrí sin, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár agus i gcomhréir le prionsabal na neamhdhíobhála, ní mór na gníomhaíochtaí uile a bheith cuimsitheach agus gnéithe iomadúla na leochaileachtaí á gcur san áireamh mar aon leis an meascán tosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhínit, cearta, sábháilteacht agus slándáil daoine aonair, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do dhídeanaithe, daoine a easáitíodh go héigeantach, daoine gan stát, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá i mbaol a bheith imeallaithe, mar shampla, daoine LGBTI nó grúpaí eitneacha nó reiligiúnacha ar leith.

11. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá comhar nithiúil, comhleanúnachas agus comhlántacht a neartú idir gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána, bídís idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúil, chun rioscaí cosanta a laghdú, aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar shíocháin agus ar chearta an duine araon a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle ar ghníomhaithe forbartha agus síochána deiseanna a thapú chun gníomhaithe daonnúla a shainaithint agus comhoibriú leo chun dul i ngleic le bunchúiseanna na rioscaí agus na riachtanas cosanta, agus cuntasacht leanúnach maidir le cosaint agus urraim do phrionsabail dhaonnúla, don spás daonnúil agus do phrionsabal na neamhdhíobhála á n-áirithiú ag an am céanna.

12. Molann an Chomhairle do ghníomhaithe daonnúla aird mhór a thabhairt ar Chuntasacht i leith na bPobal atá Buailte (AAP), lena n-áirítear ailíniú níos fearr le tuiscint, cur síos, foirmliú agus beartú tosaíochta féin na bpobal i leith na rioscaí agus na mbagairtí cosanta agus an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu mar thúsphointe d'aon chlársceidealú cosanta.

13. Aithníonn an Chomhairle gur féidir leis an athrú aeráide, athruithe ar réaltachtaí geopholaitiúla, coinbhleachtaí, sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus laghdú ar an spás daonnúil rioscaí cosanta a mhéadú agus tionchar a imirt ar shábháilteacht, ar dhínit, ar chearta agus ar theacht aniar daoine i suíomhanna daonnúla. Ina theannta sin, ba cheart na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, spreagann an Chomhairle an pobal daonnúil feabhas a chur ar a thuiscint ar na réaltachtaí athraitheacha sin chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí freagrúla lena dtugtar aghaidh ar dheiseanna agus ar rioscaí a eascraíonn astu i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le cosaint.

## B. <u>POINTÍ GNÍOMHAÍOCHTA AGUS GEALLTANAIS CHOMHCHOITEANNA</u>

14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) cur chuige comhleanúnach a chur chun cinn maidir le cosaint dhaonnúil a shainiú agus a thuiscint, ag tógáil ar na sainmhínithe, ar na caighdeáin agus ar an treoir a leagtar amach thuas.

b) príomhshruthú cur chuige cosanta a chur chun cinn trí thacú le heagraíochtaí daonnúla cosaint a chur i gcroílár na gníomhaíochta daonnúla agus tabhairt faoi ghníomhaíocht dhaonnúil a atreorú i dtreo rioscaí cosanta a laghdú do phobail atá buailte, i gcomhréir leis na moltaí ó athbhreithniú an Bhuanchoiste Idir-Ghníomhaireachta.

c) Príomhaithe an Bhuanchoiste Idir-Ghníomhaireachta agus cinn gníomhaireachtaí a spreagadh chun ceannaireacht níos láidre, chomhchoiteann agus straitéiseach a shaothrú maidir le saincheisteanna cosanta agus a bheith cuntasach chun torthaí cosanta comhchoiteanna a bhaint amach trí chlársceidealú, abhcóideacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na sásraí faireacháin agus cuntasachta atá ann cheana. Ba cheart an rath a thomhas i ndáil leis na rioscaí do na pobail atá buailte a laghdú agus a chosc. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí beartais a ailíniú agus comhordú níos fearr sna cuir chuige i leith na cosanta. Ba cheart an cheannaireacht shinsearach laistigh den chóras daonnúil a spreagadh chun cultúr institiúideach a chothú a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí gealltanais i leith torthaí cosanta a chomhlíonadh, mar shampla trí fhothú acmhainneachta nó trí bheartais inmheánacha maidir le lárnacht na cosanta. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí chun feidhme go fóinteach athbhreithniú 2022 ar Bheartas Cosanta Bhuanchoiste Idir-Ghníomhaireachta agus go ndéanfaí beartais a ailíniú agus comhordú níos fearr idir eagraíochtaí.

d) tuilleadh infheistíochtaí ó na gníomhaithe daonnúla uile a spreagadh i ngníomhaíochtaí freagrúla arb é is aidhm dóibh gach gníomh agus iompar atá ina mbagairt, nó a mheasann pobail, a bheith ag bagairt ar a sábháilteacht, ar a ndínit agus ar a slándáil, a chosc agus a bhriseadh. Leagann an Chomhairle béim láidir ar ról na ndeontóirí agus na mBallstát chun tacú leis na hinfheistíochtaí sin trí abhcóideacht agus trí chistiú.

15. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit cur le cistiú atá tiomnaithe go sonrach d'idirghabhálacha cosanta chun freagairt ar rioscaí atá bunaithe ar anailís ar chosaint a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs agus chun iad a mhaolú agus a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit atá i láthair i gcomhlachtaí cinnteoireachta na n-eagraíochtaí daonnúla, plé a chumasú maidir le tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí cosanta laistigh dá bpríomhchlársceidealú. Ba cheart dóibh cuimsiú na ngníomhaíochtaí sin i bPleananna Freagartha Daonnúla agus i gcláir a gcomhpháirtithe daonnúla a spreagadh freisin.

b) molann sí don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí freagrúla agus tacú leo, nuair is ábhartha, arb é is aidhm dóibh timthriall an fhoréigin a chosc agus/nó cur isteach air, lena n-áirítear taidhleoireacht dhaonnúil, caibidlíocht le haghaidh cosanta, idirghabháil dhaonnúil, córais luathrabhaidh, cosaint trí láithreacht, comhordú míleata sibhialta ar mhaithe le cosaint, agus aslonnú, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Tá gá le hacmhainneacht bhreise freisin chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cosanta.

c) aithníonn sí go bhfuil gá le hinfheistíochtaí chun acmhainneacht chosanta na ngníomhaithe daonnúla a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear oibrithe agus eagraíochtaí daonnúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na pobail atá buailte, go háirithe maidir le timthriall an fhoréigin a chosc agus a bhriseadh. Mar shampla, moltar don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit tacú le (i) anailísí tírshonracha nó fonáisiúnta ar chosaint, (ii) meastóireachtaí ar chlársceidealú cosanta le forbairt táscairí cosanta agus córas imdhealaithe bailithe sonraí, (iii) taighde agus forbairt uirlisí lena n-áirítear uirlisí agus treoir a fhorbairt i ndáil le cuir chuige choisctheacha chomh maith le fothú acmhainneachta, agus (iv) oiliúint agus ceardlanna idir piaraí chun machnamh agus nuálaíocht a spreagadh i réimse na cosanta. Ba cheart fothú agus comhroinnt acmhainneachta a bhaineann le cosaint a bheith ag gabháil go sonrach leis na hiarrachtaí chun cabhair a logánú. Moltar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí sin chun iad a fheabhsú.

d) iarrann sí ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit tacú le habhcóideacht réamhghníomhach chun rioscaí agus bagairtí ar chosaint a laghdú trína bheith rannpháirteach go díreach go poiblí agus sa chúlra. Iarrtar orthu freisin tacaíocht pholaitiúil a chur ar fáil do Chomhordaitheoirí Daonnúla, d'Fhoirne Tíre Daonnúla agus do cheannairí daonnúla eile atá i mbun abhcóideachta chun an riosca cosanta a laghdú, agus a áirithiú ag an am céanna go dtacaíonn gach gníomhaíocht agus idirghabháil leis na prionsabail dhaonnúla agus leis an gcur chuige gan dochar a dhéanamh.

e) molann sí do ghníomhaithe daonnúla ailíniú níos fearr a dhéanamh le sainaithint na bpobal féin ar rioscaí cosanta agus le bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu mar bhonn don chlársceidealú cosanta, ag aithint dóibh go bhforbraíonn daoine aonair agus pobail a bhfuil rioscaí agus bagairtí ar chosaint ag cur isteach orthu sásraí déileála agus straitéisí chun iad féin a chosaint.

## C. TAIDHLEOIREACHT DHAONNÚIL MAR UIRLIS CHUN COSAINT A THABHAIRT

16. Molann an Chomhairle don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit a n-iarrachtaí maidir le taidhleoireacht dhaonnúil a mhéadú, a thuigtear mar ionstraimí polaitiúla agus taidhleoireachta a úsáid chun urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun é a chur chun feidhme, chun cúnamh daonnúil a éascú, agus chun feasacht a mhúscailt maidir le riachtanais na bpobal atá buailte agus maidir leis an gclár oibre ginearálta daonnúil, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna do na róil shonracha a d'fhéadfadh a bheith ag stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha chun tacú le torthaí cosanta níos fearr do phobail i suíomhanna daonnúla, agus a áirithiú go dtacaíonn gach gníomhaíocht agus idirghabháil le prionsabail dhaonnúla agus leis an gcur chuige 'gan dochar a dhéanamh'. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit tacú le tionscnaimh chun an taidhleoireacht dhaonnúil a fhorbairt agus a neartú agus chun na tionscnaimh sin a chur chun cinn.

17. Áirítear an méid seo a leanas ar na hionstraimí a úsáidtear le taidhleoireacht dhaonnúil ach níl sé teoranta dóibh: (i) idirphlé a chothú le húdaráis náisiúnta agus le gníomhaithe neamhstáit chun rochtain fhiúntach agus cháilíochtúil dhaonnúil a fháil ar na daoine a ndéanann géarchéimeanna nádúrtha nó coinbhleachtaí armtha difear dóibh, (ii) comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, CICD, eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chomh maith le comhpháirtithe ábhartha eagraíochtaí neamhrialtasacha chun cúnamh daonnúil, rochtain agus cosaint a éascú, agus chun cuntasacht a áirithiú i gcás sáruithe ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, (iii) lena n-áirítear, ar bhonn córasach, abhcóideacht dhaonnúil san idirphlé polaitiúil le rialtais tríú páirtithe, agus comhordú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo, (iv) an rannpháirtíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta ag na Náisiúin Aontaithe agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a ghiaráil chun a áirithiú go saothróidh gach páirtí lena mbaineann cosaint na bpobal sibhialtach i gcásanna daonnúla go gníomhach agus go gcuirfidh siad riachtanais chosanta san áireamh ar na leibhéil is airde is féidir, (v) gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus oiliúna a chur chun cinn lena ndírítear ar dhaoine leochaileacha a chosaint i suíomhanna daonnúla, agus (vi) comhoibriú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun tús áite a thabhairt do chosaint ar an gclár oibre dhaonnúil. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart ionstraimí na taidhleoireachta daonnúla a úsáid chun tionchar dearfach a imirt ar an spás daonnúil, ar dhearcadh na bpáirtithe uile maidir le gníomhaithe daonnúla agus a n-acmhainneacht cosaint a thabhairt; áirítear leis sin díolúintí daonnúla a áirithiú i gcórais smachtbhannaí.

18. Iarrann an Chomhairle ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit seisiúin tuairimíochta a bheith acu go rialta maidir le forbairtí ábhartha ar chosaint agus idirchaidreamh díreach a dhéanamh le gníomhaithe seanbhunaithe, bídís idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúil. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun cosaint éifeachtach a chur chun cinn i suíomhanna daonnúla agus aontaíonn sí í a phlé go rialta i meithleacha ábhartha na Comhairle, ag an bhFóram Eorpach Daonnúil, i líonraí ábhartha agus ar an leibhéal áitiúil chun tús áite a thabhairt don chosaint ar an gclár oibre daonnúil. Ag í ag tógáil ar chur chuige Fhoireann na hEorpa, iarrann an Chomhairle ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit leanúint dá n-iarrachtaí maidir le cur chun feidhme na dtionscnamh de chuid an Aontais a dhéantar chun na daoine i suíomhanna daonnúla a chosaint. Molann an Chomhairle comhordú agus comhar níos dlúithe fós idir an Coimisiún, na Ballstáit agus a dtoscaireachtaí chun an tionchar is mó is féidir a imirt le for-rochtain agus le tacaíocht an Aontais. Déanfaidh an Chomhairle obair leantach go rialta maidir le cosaint i suíomhanna daonnúla.